**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEEUimh. 265/2022**

**an 23 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/794]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/309 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/583 chun coigiltis $CO_2$ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/324 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 chun coigiltis $CO_2$ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun astaíochtaí $CO_2$ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/344 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1035 chun coigiltis $CO_2$ éicea-nuálaíochta áirithe a chur san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ Daimler AG agus díorma Daimler AG a ríomh ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21aezc (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/583 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32022 D 0309**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/309 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 (IO L 46, 25.2.2022, lch. 128).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21aze (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1035 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32022 D 0344**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/344 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 (IO L 62, 1.3.2022, lch. 12).'

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 21azj (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún):

   ', arna leasú le:

   — **32022 D 0324**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/324 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2022 (IO L 55, 28.2.2022, lch. 54).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2022/309, (AE) 2022/324 agus (AE) 2022/344 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 46, 25.2.2022, lch. 128.
([2]) IO L 55, 28.2.2022, lch. 54.
([3]) IO L 62, 1.3.2022, lch. 12.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.